
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh



# Mata na Nollag

Leabhar Saothair do Dhaltaí




An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

PDST
Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh

# Mata na Nollag

Foilsithe sa bhliain 2009 ag an tSeirbhís Tacaíochta do Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (Junior Certificate Schools Programme)

Curtha in athchló sa bhliain 2012 ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. (PDST)

Aistrithe go Gaeilge sa bhliain 2013.

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (Junior Certificate Schools Programme)
Ionad Oideachais na Carraige Duibhe
Ascaill na Cille
Dún Laoghaire
Co. Átha Cliath

Fón:01-236 5000
Facs: 01-236 5071
Rphost: jcsp@pdst.ie
Suíomh: www.jcsp.ie, www.pdst.ie

Cóipcheart © An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí 2012

Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí á maoiniú ag Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS). Tá an tSeirbhís seo á bainistiú ag Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.

Tá an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthchta atá á reáchtáil ag Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus an Tionscadal Leabharlainne Taispeána á maoiniú ag an Tionscnamh Luathlitearthachta agus ag plean gníomhaíochta do chuimsitheacht oideachais; DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) faoin Rannóg um Oideachas Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS).

Gach ceart ar cosaint.

Is é is cuspóir leis an bhfoilseachán seo cur leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i gClár Scoile an Teastais Shóisearaigh.
Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála ná a tharchur ar aon mhodh nó slí ar mhaithe le sochar tráchtála gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

| | |
|---|---|
| Scríofa ag: | Mary Clare Higgins (Éascaitheoir CSTS) |
| Curtha in eagar ag: | Denise O'Flanagan (Comhairleoir PDST) |
| | Jerry McCarthy (Éascaitheoir CSTS) |
| Aistrithe ag: | Caoimhe Ní Chuinn (Comhairleoir PDST) |

## Féilire na Nollag

Aimsigh féilire agus líon isteach dátaí do mhí na Nollag na bliana seo:

### Mí na Nollag 20_ _

| Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine | Dé Sathairn | Dé Domhnaigh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |






**Bain úsáid as an bhféilire a líon tú thuas chun na ceisteanna seo a fhreagairt.**

1. Cén lá den tseachtain ar a dtiteann Lá Nollag i mbliana? ______________
2. Cén lá den tseachtain ar a dtiteann Oíche Nollag i mbliana? ______________
3. Cén lá den tseachtain ar a dtiteann Lá le Stiofáin i mbliana? ______________
4. Cén lá den tseachtain ar a dtiteann Oíche Chinn Bhliana i mbliana? ______________
5. Cad é an lá agus an dáta atá ann dhá sheachtain roimh Lá Nollag? ______________
6. Cad é an lá agus an dáta atá ann dhá sheachtain agus cúig lá roimh Lá Nollag?

   ______________
7. Cad é an lá agus an dáta atá ann ocht lá roimh Lá Nollag? ______________
8. Cad é an lá agus an dáta atá ann seachtain agus trí lá roimh Lá Nollag?

   ______________
9. Cén lá den tseachtain ar a dtiteann an 8 Nollaig? ______________
10. Cén dáta atá ann ar an Domhnach tar éis na Nollag? ______________
11. Cad é an lá agus an dáta atá ann cúig lá tar éis Lá Nollag? ______________
12. Cad é an lá agus an dáta atá ann seachtain tar éis Lá Nollag? ______________

# Amhrán: Dhá lá déag na Nollag

| | |
|---|---|
| Ar an gcéad lá de Nollaig thug mo leannán dom patraisc i gcrann piorraí, |  |
| Ar an dara lá de Nollaig thug mo leannán dom dhá fhearán bhreaca, |  |
| Ar an tríú lá de Nollaig thug mo leannán dom trí chearc fhrancacha, |  |
| Ar an gceathrú lá de Nollaig thug mo leannán dom ceithre éan glaoiteacha |  |
| Ar an gcúigiú lá de Nollaig thug mo leannán dom cúig fháinne óra, |  |
| Ar an séú lá de Nollaig thug mo leannán dom sé ghé ag breith, |  |
| Ar an seachtú lá de Nollaig thug mo leannán dom seacht n-eala ag snámh, |  |
| Ar an ochtú lá de Nollaig thug mo leannán dom ochtar cailín ag bleán, |  |
| Ar an naoú lá de Nollaig thug mo leannán dom naonúr ban ag damhsa, |  |
| Ar an deichiú lá de Nollaig thug mo leannán dom deichniúr tiarna ag léim, |  |
| Ar an aonú lá déag de Nollaig thug mo leannán dom aon phíobaire déag ag seinm, |  |
| Ar an dara lá déag de Nollaig thug mo leannán dom dáréag drumadóir ag drumadóireacht. |  |

# Dhá lá déag na Nollag

Léigh an t-amhrán 'Dhá lá déag na Nollag' agus freagair na ceisteanna thíos.

Cé mhéad bronntanas a tugadh ar na laethanta seo a leanas?

| Lá | | Iomlán |
|---|---|---|
| 1. | | |
| 2. | | |
| 3. | | |
| 4. | | |
| 5. | | |
| 6. | | |
| 7. | | |
| 8. | | |
| 9. | | |
| 10. | | |
| 11. | | |
| 12. | | |

Féach ar an gcolún ar dheis 'Iomlán'. An dtugann tú aon phatrún faoi deara?

____________________________________________________________


Cé mhéad bronntanas a tugadh san iomlán gach lá

| Lá | | Iomlán |
|---|---|---|
| 1. patraisc | | |
| 2. fearán | | |
| 3. cearc fhrancach | | |
| 4. éan glaoiteach | | |
| 5. fáinne ór | | |
| 6. géanna | | |
| 7. ealaí | | |
| 8. cailín tí | | |
| 9. mná | | |
| 10. tiarnaí | | |
| 11. píobairí | | |
| 12. drumadóirí | | |

Cad í an líon is mó bronntanas a thug an leannán?


Cad í an líon is lú bronntanas a thug an leannán?

# Fad agus Achar



1. Tomhais achar an phota go garbh.
2. Ríomh achar an phota go cruinn.
3. Tomhais achar an chrainn Nollag, stoc an chrainn san áireamh go garbh.
4. Ríomh achar an chrainn Nollag, stoc an chrainn san áireamh go cruinn.
5. Ríomh imlíne an phota, chuig an mm is cóngaraí.
6. Tomhais imlíne an chrainn (gan stoc an chrainn) chuig an mm is cóngaraí.

## Comhordanáidí na Nollag



Aimsigh na comhordanáidí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Cliabhán | ( __ , __ ) |
| Turcaí | ( __ , __ ) |
| Cuileann | ( __ , __ ) |
| Fleasc | ( __ , __ ) |
| Réinfhia | ( __ , __ ) |
| Bronntanas | ( __ , __ ) |
| Maide siúil | ( __ , __ ) |
| Réalta | ( __ , __ ) |
| Barr an hata Nollag | ( __ , __ ) |
| Barr na coinnle | ( __ , __ ) |
| Srón an fhir sneachta | ( __ , __ ) |
| Stoca | ( __ , __ ) |

# Liosta Siopadóireachta na Nollag

An gcabhróidh tú le Maim agus í ag tabhairt faoi shiopadóireacht na Nollag?
Féach ar an gcatalóg *Argos* agus aimsigh bronntanais don chlann go léir – ach tabhair aire agus ná caith níos mó ná €600!!

| | |
|---|---|
| Teastaíonn bearrthóir leictreach agus uaireadóir ó Dhaid. | Daid:<br>Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| | Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| Teastaíonn mála gailf agus liathóidí gailf ó Dhaideó. | Daideó:<br>Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| | Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| Teastaíonn seodra ó Mhamó. | Mamó:<br>Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| | Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| Teastaíonn rothar ó Jane, 8 mbliana d'aois | Jane:<br>Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| | Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| Teastaíonn liathróid peile agus fón póca ó Jack, 13 bliana d'aois. | Jack:<br>Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |
| | Lch:<br>Rogha:<br>Praghas: |

An t-iomlán a chaith Maim: ________________________

Má tá sóinseáil ar bith fágtha agaibh, déan liosta de na rudaí breise a cheannóidh sibh don Nollaig. ________________________________________________________________________________


## Comhordanáidí:

Tarraing réinfhia trí na comhordanáidí thíos a leanúint.

**Srón:**
(8,11) (7,12) (7,13) (8,14) (10,14) (11,13) (11,12) (10,11) (8,11)
**Súile:**
1. (5,16) (5,18) (7,18) (7,16) (5,16) 2. (11,16) (11,18) (13,18) (13,16) (11,16)
**Beanna**:


1. (6,20) (6,22) (5,22) (5,23) (4,23) (4,24) (3,24) (3,25) (2,25) (2,26) (0,26) (0,25) (1,25) (1,24) (2,24) (2,23) (3,23) (3,22) (4,22) (4,21) (5,21) (5,20) (6,20)
2. (13,20) (13,21) (14,21) (14,22) (15,22) (15,23) (16,23) (16,24) (17,24) (17,25) (18,25) (18,26) (16,26) (16,25) (15,25) (15,24) (14,24) (14,23) (13,23) (13,22) (12,22) (12,20) (13,20)

**Smig (líne):**
(5,9) (5,8) (6,8) (6,7) (7,7) (7,6) (11,6)
**Béal (líne):**
(7,9) (8,8) (10,8) (11,9)




## Réitigh an dúshlán seo.


An féidir leat dhá réiteach a aimsiú?



Scríobh isteach na huimhreacha 1 – 9 i ngach réalta sa tslí is go bhfaighfeá an t-iomlán céanna dá suimeofá na huimhreacha ar gach ceann den trí thaobh le chéile.



# Crainn Nollag




1. Cad í an difríocht idir airde na gcrann seo a leanas?

| | | |
|---|---|---|
| A agus B | B agus D | C agus G |
| A agus C | B agus E | D agus E |
| A agus D | B agus F | D agus F |
| A agus E | B agus G | D agus G |
| A agus F | C agus D | E agus F |
| A agus G | C agus E | E agus G |
| B agus C | C agus F | F agus G |

2. Ríomh an airde iomlán atá ag na trí chrann A, B agus C le chéile.
3. Ríomh an airde iomlán atá ag na 3 chrann is airde.
4. Ríomh an airde iomlán atá ag na 3 chrann is lú.
5. Ríomh an mheán-airde atá ag na seacht gcrann.
6. Fásann na crainn 3cm gach mí. Ríomh an airde a bheidh acu i gceann bliana.

| Crann | A | B | C | D | E | F | G |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Airde faoi láthair | | | | | | | |
| Fás i 1 bliain | | | | | | | |
| Airde i gceann bliana: | | | | | | | |

# Maisiúcháin na Nollag

Is féidir na maisiúcháin ar fad a cheannach go hindibhidiúil nó mar phaca 12 den saghas céanna.

1. Cén costas a bheadh ar phaca 12 cloigín?
2. Cén costas a bheadh ar phaca 12 Daidí na Nollag?
3. Cén costas a bheadh ar phaca 12 Fear Sneachta?

Cuirtear 12 phaca isteach i mbosca.

4. Cén costas a bheadh ar bhosca cloigíní?
5. Cén costas a bheadh ar bhosca Daidí na Nollag?
6. Cén costas a bheadh ar bhosca Fear Sneachta?

Cuirtear 100 bosca i gcoimeadán.

7. Cén costas a bheadh ar choimeádán cloigíní?
8. Cén costas a bheadh ar choimeádán Daidí na Nollag?
9. Cén costas a bheadh ar choimeádán Fear Sneachta?

Ordaíonn Supervalue coimeádán amháin cloigíní, 5 choimeádán Daidí na Nollag agus 2 choimeádán fear sneachta.

10. Cén costas a bheadh ar an ordú seo?

Toisc go bhfuil an t-ordú seo chomh luachmhar sin tugtar lascaine 25% do Supervalue.

11. Cén luach atá ar an lascaine 25% seo?
12. Cén praghas a íocfaidh Supervalue ar an ordú seo?

# Monarcha Bhréagán (1)

Tá an mhonarcha bhréagán gnóthach ag ullmú don Nollaig. Léiríonn an ghreille thíos líon na mbréagán a rinneadh ó mhí an Mheithimh go mí na Samhna. Bain úsáid as an eolas seo chun na habairtí thíos a chomhlánú.

| Bréagáin | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cluichí Cláir | 16 | 26 | 31 | 20 | 22 | 17 |
| Rothair | 20 | 20 | 22 | 18 | 20 | 20 |
| Liathróidí | 28 | 18 | 20 | 25 | 21 | 14 |
| Cláir scátála | 25 | 23 | 27 | 21 | 22 | 20 |
| Teidithe | 10 | 17 | 15 | 19 | 12 | 11 |
| **Iomlán** | | | | | | |

**Comhlánaigh na habairtí seo a leanas:**

1. Rinneadh _______ cluiche cláir san iomlán.
2. Rinneadh _______ rothar san iomlán.
3. Rinneadh _______ liathróid san iomlán.
4. Rinneadh _______ clár scátála san iomlán.
5. Rinneadh _______ teidí san iomlán.
6. I mí an Mheithimh, rinneadh _______ breágán.
7. I mí Iúil, rinneadh _______ breágán.
8. I mí Lúnasa, rinneadh _______ breágán.
9. I mí Mheán Fómhair, rinneadh _______ breágán.
10. I mí Dheireadh Fómhair, rinneadh _______ breágán.
11. I mí na Samhna, rinneadh _______ breágán.
12. Sna míonna ar fad roimh Nollaig, rinneadh _______ breágán san iomlán.

# Monarcha Bhréagán (2)

Féach ar an ngreille thuas arís ón monarcha bhréagán.

Ríomh an mheánlíon a rinneadh de gach bréagán gach mí. Suimigh líon na mbréagán a rinneadh gach mí le chéile agus roinn an t-iomlán faoi líon na míonna a bhí i gceist. Tá sampla amháin thíos:


| **Bréagáin** | **Líon iomlán** | **Ríomh** | **Meán** |
|---|---|---|---|
| Cluichí Cláir | 16 + 26 + 31 + 20 + 22 + 17 = 132 | 132 ÷ 6 | 22 |
| Rothair | | | |
| Liathróidí | | | |
| Cláir scátála | | | |
| Teidithe | | | |

Tá an mhonarcha bhréagán seo díreach tar éis glacadh le hordú nua. Tá 150 de gach cineál bréagáin ag teastáil. Cé mhéad bréagán atá fós le déanamh?

| **Bréagáin** | **Fós le déanamh** |
|---|---|
| Cluichí Cláir | |
| Rothair | |
| Liathróidí | |
| Cláir scátála | |
| Teidithe | |

## Dinnéar na Nollag (1)

– ag cócaráil an turcaí agus an liamháis.





Bhí meáchan 5kg ag an turcaí sa phictiúr sular cuireadh san oigheann é.
Bhí meáchan 4kg ag an liamhás sula ndearnadh cócaráil air.

Is gá an turcaí a chócaráil ar feadh 40 nóiméad in aghaidh an kg ag teocht 180.
Is gá an liamhás a chócaráil ar feadh 60 nóiméad in aghaidh an kg.

1) Cé mhéad nóiméad ar chóir an turcaí a fhágáil san oigheann?
2) Cé mhéad uair agus nóiméad atá i gceist?
3) Má theastaíonn ón gclann dinnéar a ithe ag a 1pm cén t-am ar chóir an turcaí a chur san oigheann?
4) Má theastaíonn ón gclann dinnéar a ithe ag a 1pm cén t-am ar chóir tosú ar an liamhás a chócaráil?
5) Má theastaíonn ón gclann dinnéar a ithe ag a 2.30pm cén t-am ar chóir an turcaí a chur san oigheann?
6) Má theastaíonn ón gclann dinnéar a ithe ag a 2.30pm cén t-am ar chóir tosú ar an liamhás a chócaráil?
7) Má theastaíonn ón gclann dinnéar a ithe ag a 5 pm cén t-am ar chóir an turcaí a chur san oigheann?
8) Má theastaíonn ón gclann dinnéar a ithe ag a 5 pm cén t-am ar chóir tosú ar an liamhás a chócaráil?

# Dinnéar na Nollag (2)

Tugann an ghreille thíos treoracha cócarála ag brath ar mheáchan an turcaí.

Tá roinnt eolais sa ghreille ach tá eolas eile in easnamh. Líon isteach na bearnaí.

| Meáchan an Turcaí | Am cócarála (nóiméid) | Am cócarála (Uaireanta & nóiméid) | Am tosaigh | Am críochnaithe |
|---|---|---|---|---|
| 3.0 Kg | | | 11.00am | |
| 3.5 Kg | | | 11.30am | |
| 4.0 Kg | | | 10.00am | |
| 4.5 Kg | | | 10.30am | |
| 5.0 Kg | | | 10.00am | |
| 5.5 Kg | | | | 1.30pm |
| 6.0 Kg | | | | 2.00pm |
| 6.5 Kg | | | | 2.30pm |
| 7.0 Kg | | | 11.15am | |
| 7.5 Kg | | | 9.45am | |
| 8.0 Kg | | | | 2.00pm |
| 8.5 Kg | | | 11.00am | |
| 9.0 Kg | | | | 2.30pm |
| 9.5 Kg | | | 10.00am | |
| 10 Kg | | | | 3.00pm |

# Lá Nollag – 25 Nollaig

1. Cad í fréamh chearnach 25? ______________

2. Cad é 25 cearnaithe? ______________

3. Má shuimíonn tú dhá uimhir chearnaithe, faigheann tú 25. Cad iad an dá uimhir chearnaithe sin? ______________ ______________

4. Tá trí fhachtóir ag 25. Cad iad? ______________ ______________ ______________

5. Comhairigh i 25…

   1 x 25 = 25 ______________ ______________ ______________ ______________

   ______________ ______________ ______________ ______________ ______________

6. 997: má shuimíonn tú na huimhreacha faigheann tú 25. Liostaigh 4 shampla eile.

   ______________ ______________ ______________ ______________

7. Ag úsáid uimhreacha príomha, tabhair samplaí conas teacht ar 25.

   ______________ ______________ ______________ ______________ ______________

# Uimhreacha Dúbailte

Déan gach uimhir sa teachtaireacht thíos a dhúbailt agus scríobh síos cén litir atá i gceist. Tá trí fhéidearthacht ag baint le gach litir.

| | |
|---|---|
| A | 22, 100, 154 |
| B | 48, 166, 180 |
| C | 46, 56, 92 |
| D | 2, 160, 176 |
| E | 26, 62, 178 |
| F | 114, 98, 188 |
| G | 28, 68, 148 |
| H | 30, 64, 96 |

| | |
|---|---|
| I | 150, 58, 182 |
| J | 6, 86, 186 |
| K | 44, 88, 192 |
| L | 32, 66, 170 |
| M | 70, 90, 156 |
| N | 8, 84, 136 |
| O | 72, 102, 192 |
| P | 36, 82, 160 |
| Q | 14, 74, 124 |

| | |
|---|---|
| R | 42, 76, 112 |
| S | 16, 40, 194 |
| T | 152, 80, 110 |
| U | 18, 94, 108 |
| V | 20, 54, 60 |
| W | 24, 106, 140 |
| X | 34, 104, 138 |
| Y | 12, 38, 200 |
| Z | 10, 78, 50 |

| 18 | 13 | 11 | 46 | 89 | | 93 | 96 | 19 | | 50 | 42 | 88 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 36 | ___ | ___ | ___ | ___ | | ___ | ___ | ___ | | ___ | ___ | ___ |
| P | ___ | ___ | ___ | ___ | | ___ | ___ | ___ | | ___ | ___ | ___ |

| 48 | 77 | 41 | 80 | 29 | 68 | 31 | 20 | 97 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ |
| ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ | ___ |

| 76 | 51 | | 100 | 36 | 54 |
|---|---|---|---|---|---|
| ___ | ___ | | ___ | ___ | ___ |
| ___ | ___ | | ___ | ___ | ___ |

# Teilifís na Nollag ar TG4 (1)

## Maidin

<< Siar Lá | **Dé Céadaoin, Nollaig 25, 2013** | Ar Aghaidh Lá >>

**France 24** 05:30

Cainéal nuachta 24 uair an chloig na Fraince atá i France 24. Bíonn an clár á chraoladh beo as Páras. Tá 180 iriseoir ag an stáisiún ar fud an domhain mhóir a thugann tuairiscí cuimsitheacha agus cumasacha chuig an lucht féachana ar imeachtaí móra laethúla.

**Cúla 4** 07:00

Éirigh breá moch gach maidin le haghaidh scoth na gclár, na gclár speisialta agus na scannán an Nollaig seo ar Cúla4.



**The Adventures of Elmo i Grouchland (GS)** 07:01

(1999) Beochan: Is iad Kevin Clash, Mandy Patinkin agus Vanessa Williams na príomhaisteoirí sa scannán seo faoi stiúir Gary Halvorson. Nuair a chailleann Elmo a phluid, téann sé go Grouchland agus foghlaimíonn sé ceacht an-tábhachtach.

**Réiltín Laura Lá Nollag** 08:15

Buaileann Laura agus a clann bóthar leis an Nollaig a chaitheamh ina dteach saoire ach nuair a chliseann ar a gcarr bíonn orthu an Nollaig a chaitheamh i stábla. Nollaig neamhghnách a bheidh ann!



**Olivia (GS)** 09:00 (S2/CL18)

Tá bronntanas Nollag iontach faighte ag Olivia do Ian agus tá áit iontach faighte aici len é a chur i bhfolach air - faoi bhuicéad sa chúlghairdín.



**Ros na Rún (OS & GS)** 12:30 (S18/CL33)

Filleann Cathal ar Ros na Rún agus é ag iarraidh Berni a mhealladh ar ais. Baintear siar as é áfach, nuair a fheiceann sé go bhfuil a chuid éadaí caite amach ar an tsráid ag Vince. Cuireann sé olc air Tadhg agus Lee a fheiceáil ag baint sásaimh as an Nollaig. An millfidh Cathal an Nollaig orthu? Ní maith le Katy go mbeidh Vince ag fanacht in éineacht leo faoi Nollaig. Sa deireadh socraíonn Vince go rachaidh sé áit éigin eile don Nollaig cé nach bhfuil aon áit le fanacht aige. An mbeidh Vince leis féin faoi Nollaig? Tá Séamus ag seachaint custaiméirí atá ag fanacht ar bhuidéil poitín uaidh.



**An Aimsir Láithreach** 12:57

Aimsir réigiúnach agus náisiúnta.

**Scannán: The Seven Little Foys** 13:00

(1955 Beathaisnéis) Bob Hope agus Milly Vitale na príomhaisteoirí sa scannán seo faoi stiúir Melville Shavelson. Nuair a chailltear bean óg Eddie Foy faigheann sé a seachtar leanaí le páirt a ghlacadh ina dhráma agus téann siad ar chamchuairt leis.



**Scread Asail (OS)** 14:30 (S11/CL9)

Scrúdaíonn an clár faisnéise seo stair, ról agus nádúr an asail, a bhfuil a chuid suáilcí agus a chuid duáilcí dearmadta ag cuid mhaith den phobal sa lá atá inniu ann. Bhí 300,000 asal sa tír seo tráth agus ba mhór i gceist an t-asal i saol na tuaithe.



**Scannán: Happy Feet (TS)** 15:05

(2006) Beochan: Leagan Gaeilge den scannán Happy Feet. Faoi stiúir George Miller: I ndomhan na bpiongainí, le hamhrán a mheallann piongain a bpáirtí. Baintear preab astu nuair a shaolaítear piongain nach bhfuil aon amhrán aige.

## Tráthnóna

**Nuacht TG4** 16:50

Mórimeachtaí an lae ó Aonad Nuachta TG4.



**An Aimsir Láithreach** 16:58 (S17/CL355)

Aimsir réigiúnach agus náisiúnta.



**Cúil na Bliana** 17:00

Súil siar ar na cúil ab fhearr ó chomórtais mhóra CLG na bliana.

**Súil Siar Steip 2013 (OS)** 17:30

Buaicphointí Chomórtas Damhsa ar an Séan-Nós do dhaoine fásta Oireachtas na Samhna 2013 as an INEC, i gCill Airne. Á chur i láthair ag Joe Ó Dónaill.



**Foster and Allen** 18:25

Beidh neart de cheol agus d'amhráin na Nollag ar an gclár seo. Inseoidh Mick agus Tony roinnt scéalta dúinn faoin gcaoi a gcaithfeadh siad féin an Nollaig agus an méid atá i gceist leis an am seo den bhliain. Cuirfidh siad agallamh ar chara leo, an craoltóir Sir Terry Wogan. Beidh ceol chomh maith acu le Shayne Ward, a gcuid fiseán nua féin, 'The Galway Girl' agus 'One Little Christmas Tree', agus Louise Morrissey, Daniel O'Donnell agus Mike Denver.



**Siar an Bóthar (OS)** 19:20 (S12/CL7)

Eagrán speisialta an clár seo 'Siar an Bóthar Christmas Special'. Beidh an ceoltóir Seamus Tansey as Sligeach agus Conall Ó Gráda as Corcaigh ar na feadóga móra agus Paddy Glackin as Baile Átha Cliath ar an bhfidil. Ar deireadh beidh píosa againn ón tsraith 'The Pure Drop', Apples in Winter faoi stiúir Mháirtín Gaffney ar an bhfliúit agus Bhrian Caffrey ar an mbosca ceoil.



**Ceol Johnny Cash (OS)** 19:50

Clár ceoil speisialta uair an chloig ar shaol agus ar shaothar Johnny Cash. Tabharfaidh meascán d'amhránaithe mór le rá na hÉireann faoi roinnt d'amhráin Johnny a chasadh lena n-áirítear Republic of Loose - Cry Cry Cry, Fiachna Ó Braonáin and The Hot Sprockets - I Walk The Line agus Eleanor McEvoy - Ring Of Fire.



**Seamus Heaney (OS)** 20:45

Clár in ómós do shaol agus d'fhilíocht Seamus Heaney. Rachaimid chuig an bhfeirm i mBaile Eachaidh i nDoire inar fhás sé aníos agus feicfimid an tionchar a bhí ag a óige air mar fhile agus é ag cur síos ar ghnáthobair laethúil na feirme ar bhealach ealaíonta. I mBéal Feiste cloisfimid óna chairde Paul Muldoon agus Ciarán Carson agus beidh ceol píbe againn le Liam Ó Floinn. Le cuimhní cinn pearsanta agus greannmhara cuimhnímid ar laoch sin na hÉigse a raibh meas uilíoch air.



**Geantraí na Nollag (OS)** 21:15

Cuirfidh an t-amhránaí John Spillane Geantraí na Nollag i láthair as Caisleán Chionn Eitigh i gCo. Uíbh Fhailí. Beidh The High Kings, At First Light, The Kinsella Family chomh maith leis na ceoltóirí Máirtín O'Connor, Zoe Conway, Donal Lunny, Tara Breen, Lydia Warnock, buaiteoir Chorn Uí Riada, Máire Ní Chéilleachair agus buaiteoir dhamhsa ar an sean-nós na bliana seo, Proinsias Ó hIarnáin ar fad páirteach sa gclár.



**Páidí Ó Sé - Rí an Pharóiste (OS & TS)** 22:15

Clár faisnéise cruthaitheach faoin laoch peile, fear seoigh agus Rí an Pharóiste, Páidí Ó Sé, a chroch a bhróga peile don uair dheireanach an 15ú Nollaig 2012. Seo portráid phearsanta ar shaol Pháidí i gcomhthéacs a phobal Gaeltachta féin, a hinsint ag comharsan dá chuid agus í ar aistear chun tuiscint a fháil ar a laoch. Trí bhuncheisteanna an laochais a thochailt, scrúdófar an dóchas a thugann an laoch do phobal tuaithe, an brú a bhaineann leis seo, agus an tábhacht a bhaineann le haitheantas a fháil ónár dtreabh féin.

# Teilifís na Nollag ar TG4 (2)

1. Cén t-am a thosóidh na cláir ag craoladh maidin Nollag?

2. Cén fhad a mhaireann na cláir seo a leanas:
    i. The Adventures of Elmo i Grouchland?
    ii. Jungle Bunch - Back to the Ice Floe?
    iii. Ros na Rún?
    iv. Scannán: Happy Feet?
    v. Nuacht TG4?
    vi. Seamus Heaney?

3. Teastaíonn ó do mhaim na cláir ar Foster & Allen agus Séamus Heaney a thaifeadadh ar dvd 3 uair a chloig. Cé mhéad nóiméad a bheidh fágtha ar an dvd tar éis di an dá chlár sin a thaifeadadh?

4. Fiosraigh cad iad na scannáin a bheidh ar siúl ar Lá Nollag ar:
    RTÉ 1:
    RTE 2:
    TV3:
    TG4:

5. Déan suirbhé ar do chomhscoláirí agus aimsigh na scannáin Nollag is fearr leo.

| Scannán | Líon na Scoláirí |
|---|---|
| | |

6. Tarraing barrachairt chun an t-eolas ón suirbhé a léiriú.